Staidéir Áitiúla - Topaic: Scoileanna

Leathanach Oibre 2

AMLÍNE

- **1831 Bunú na Scoileanna Náisiúnta**
- **An Gorta Mór 1845-1848**
- **1892 Scolaíocht Éigeantach**
- **1982 Deireadh le pionós coirp**

An raibh a fhios agat ?

SCOILEANNA NÁISIÚNTA

Bunaíodh Córas na Scoileanna Náisiúnta i 1831. Bhíodh Bord Coimisinéirí i mbun na scoileanna, agus lánchumhacht acu; ag leagan amach rialacha, ag fostú múinteoirí agus á ligint chun bealaí, ag socrú an churaclaim agus ag dáileadh an airgid. D'oibríodh na cigirí ar son na gcoimisinéirí agus thugadh siad cuairteanna ar scoileanna dhá uair nó trí huaire sa bhliain leis an obair a scrúdú agus lena chinntiú go mbíodh na múinteoirí ag cloí leis an churaclam ceadaithe.




Instructions in regard to the Infliction of Corporal Punishment in National Schools.

Ní raibh an scolaíocht éigeantach go dtí gur ritheadh Acht Oideachais na hÉireann i 1892. Ó shin i leith, bhí ar pháistí idir 6 bliana agus 14 bliana freastal ar scoil ar feadh 150 lá sa bhliain ar a laghad. Bhíodh Coiste Freastal Scoile in achan cheantar tuaithe agus uirbeach, a chuir an freastal éigeantach scoile i bhfeidhm.
Glacadh le pionós coirp mar chuid den saol sna Scoileanna Náisiúnta, agus níor cuireadh deireadh leis go foirmeálta go dtí 1982.

SA PHACA S'AGATSA GHEOBHAIDH TÚ:

1. Tuairisc scríofa ag an Chigire Ceantair a thug cuairt ar scoil i nDún na nGall i 1887.
2. Litir a scríobhadh chuig an Choiste Freastal Scoile i 1925
3. Leathanach as rolla Scoile Náisiúnta i gContae Dhún na nGall
4. Treoir maidir le pionós coirp, 1913



Amharc ar an Fhianaise

Leathanach Oibre 2

1. Tuairisc an Chigire Cheantair, 1887

Cad é an t-ainm a bhí ar an Chigire Ceantair agus cén bhliain ar tháinig sé chun na scoile?
An raibh an Cigire Ceantair sásta leis an obair a bhí ar siúl sa scoil?
Cén míniú a thug an múinteoir ar an drochfhreastal?
Luann an Cigire trí ábhar atá á dteagasc do na páistí. An dtig leat iad a ainmniú?
Cad é an chomparáid idir iad siúd agus na hábhair atá á dteagasc sa scoil s'agatsa?
Cad é a bhí na daltaí i Rang 1 agus 2 a dhéanamh agus a chuir míshásamh ar an chigire?

2. Tuairisc an Oifigigh Fhreastal Scoile, 1925

Bhí freastal maith ar an scoil.....Fíor nó Bréagach?
Cad iad na cúiseanna a tugadh as na páistí gan a bheith ag freastal ar scoil?
Cad chuige ar cuireadh na páistí amach a bhailiú adhmaid?
Cad iad na foinsí eile breosla a úsáidimid i dtithe an lae inniu?

3. Treoir maidir le Pionós Coirp, 1913

Cén uair a bá chóir pionós a chur?
Cén múinteoir atá ceadaithe pionós a chur?
Cén cineál droch-íde a bhfuil cosc air, ó thaobh na bpaistí de?
Cad iad na huirlisí nár chóir a bheith á n-iompar ag na múinteoirí? Cad chuige sin, do bharúil?

4. Clárleabhar

Cén bhliain lena mbaineann an clárleabhar seo?
Cad é meánaois na bpáistí nuair a bhíti á gclárú?
Cad chuige ar thosaigh na páistí ar an scolaíocht ag aoiseanna éagsúla, do bharúil?
Déan liosta de shlite beatha thuismitheoirí na bpáistí. Cad é an tslí bheatha is coitianta?

SCRÚDAIGH...

Cuir ceisteanna ar do thuismitheoirí nó ar do sheantuismitheoirí faoin Scoil Náisiúnta.
Cad iad na hábhair is cuimhin leo?
Cad iad na cluichí a d'imríodh siad?
An raibh éide scoile acu?
An cuimhin leo pionós coirp?
Faigh amach an bhfuil seanghrianghraif acu a dtig leat amharc orthu.